2026/508

23.4.2026

CINNEADH (CBES) 2026/508 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Aibreán 2026

lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí tiomantas daingean an Aontais tacaíocht leanúnach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus dá muintir.

(4) Fad a leanfaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha Chónaidhm na Rúise de rialacha bunúsacha an dlí idirnáisiúnta a shárú, lena n-áirítear, go háirithe, an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, nó rialacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a shárú, is iomchuí na bearta uile arna bhforchur ag an Aontas a choinneáil i bhfeidhm, agus bearta breise a dhéanamh, más gá sin.

(5) I bhfianaise an fhogha leanúnaigh atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, go háirithe an feachtas míleata brúidiúil a bhí ann le déanaí lena ndírítear d'aon ghnó ar bhonneagar sibhialtach, lena n-áirítear saoráidí fuinnimh, uisce agus sláinte, arb é is cúis le fulaingt thromchúiseach an phobail shibhialta agus a fhéachann leis an mbonn a bhaint d'athléimneacht na hÚcráine, measann an Chomhairle gur gá bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(6) Go háirithe, ba cheart 60 eintiteas a chur le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, is é sin liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a thacaíonn le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise ina cogadh foghach ar an Úcráin, ar a bhforchuirtear srianta onnmhairiúcháin níos déine maidir le hearraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, chomh maith le hearraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú teicneolaíoch earnáil cosanta agus slándála na Rúise. Áirítear ar na heintitis sin eintitis áirithe i dtríú tíortha seachas an Rúis a rannchuidíonn go hindíreach le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, rud a fhágann gur féidir teacht timpeall ar shrianta ar onnmhairiú, lena n-áirítear srianta ar mheaisín-uirlisí ríomhrialaithe uimhriúla, micrileictreonaic, comhpháirteanna aerárthaí gan foireann, táirgí micrileictreonaice, trealamh muirí agus comhpháirt eile feithiclí agus innealra.

(7) Is iomchuí liosta na n-ítimí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála a leathnú, trí liostú a dhéanamh ar earraí a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin agus ar earraí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh a córas míleata, lena n-áirítear earraí gloine saotharlainne, bealaí ardfheidhmíochta áirithe agus a mbreiseáin, agus ábhair fuinneamhachais.

([1]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).

(8) Ina theannta sin, is iomchuí srianta breise ar allmhairí earraí lena ngintear ioncam suntasach don Rúis a thabhairt isteach, rud a fhágann gur féidir léi leanúint dá cogadh foghach ar an Úcráin, lena n-áirítear srianta maidir le amhábhair chriticiúla áirithe, miotail, mianraí áirithe, fuíoll cruach agus miotail eile, ceimiceáin, earraí rubair bholcánaithe agus fionnadhsheithí súdaraithe.

(9) Chun an baol go rachfaí timpeall ar bhearta sriantacha a íoslaghdú, is iomchuí liosta na n-earraí agus na teicneolaíochta atá faoi réir an toirmisc ar idirthuras trí chríoch na Rúise a leathnú a thuilleadh.

(10) Is iomchuí freisin srianta breise a fhorchur ar onnmhairiú earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Rúise, mar shampla ceimiceáin, rubar agus earraí rubair bholcánaithe, earraí cruach, uirlisí le haghaidh táirgeadh miotail agus tarracóirí tionsclaíocha.

(11) Tá údar maith leis an toirmeasc craolacháin atá ann cheana a leathnú chun srian a chur freisin ar chraoladh agus éascú craolacháin san Aontas d'ábhar eintiteas atá ar aon dul le hábhar eintiteas eile atá faoi réir an toirmisc cheana féin, chun dul i ngleic le hiarrachtaí ar theacht timpeall ar na mbeart sriantach. I gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe leis an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus leis an gceart chun maoine mar a aithnítear in Airteagail 11, 16 agus 17 di, ní chuireann an beart seo cosc ar na heagraíochtaí meán sin atá faoi réir an toirmisc ar chraoladh agus ar a bhfoireann gníomhaíochtaí eile a dhéanamh san Aontas seachas craoladh, amhail taighde agus agallaimh. Go háirithe, ní mhodhnaítear leis an mbeart seo an oibleagáid atá ann na cearta, na saoirsí agus na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú, lena n-áirítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus i mbunreachtanna na mBallstát, laistigh dá réimsí cur i bhfeidhm faoi seach.

(12) Is iomchuí toirmeasc a thabhairt isteach ar sheirbhísí críochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) a sholáthar d'eintitis Rúiseacha nó d'eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú náisiúnach nó oibreoirí Rúiseacha. Ba cheart na conarthaí ábhartha do na seirbhísí críochfoirt GNL lena mbaineann a fhoirceannadh go huathoibríoch an 1 Eanáir 2027.

(13) Is iomchuí an chaidhp phraghais le haghaidh amhola agus táirgí peitriliam de chuid na Rúise a leasú. Ba cheart an Chomhairle a chur ar an eolas a luaithe is féidir faoi aon chomhaontú de chuid Chomhghuaillíocht na Caidhpe Praghais agus faoi bPlé a rinne G7, agus ba cheart don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, maidir le feidhm na caidhpe praghais ola, rud a fhágann go dtiocfadh toirmeasc iomlán ar sheirbhísí muirí a bhaineann le hamhola agus táirgí peitriliam na Rúise i bhfeidhm.

(14) Is iomchuí leasú a dhéanamh ar an oibleagáid maidir le fianaise inrianaitheachta a chur ar fáil trína cheangal ar allmhaireoirí diamant snasta, lena n-áirítear diamaint snasta i dtríú tíortha, ráiteas maidir le dícheall cuí a chur ar fáil lena ndearbhaítear nár baineadh, nár próiseáladh ná nár táirgeadh na diamaint sa Rúis.

(15) Rinne Rialtas Chónaidhm na Rúise 'bainistíocht shealadach', mar a thugtar uirthi, neamhdhlisteanach, a fhorchur ar mhaoin atá lonnaithe ar chríoch Chónaidhm na Rúise, ar le daoine eachtracha í a bhfuil baint acu le 'stáit eachtracha mhíchairdiúla', mar a thugtar orthu, is é sin, stáit a thug bearta sriantacha isteach i gcoinne na Rúise. Is ionann an 'bainistíocht shealadach' sin, mar a thugtar uirthi, agus díshealbhú. Ar an modh sin, baineann Rialtas Chónaidhm na Rúise iomaitheoirí ón Aontas atá ag cuideachtaí Rúiseacha ó mhargaí na Rúise, rud a thugann buntáiste eacnamaíoch do na cuideachtaí sin thar iomaitheoirí ón Aontais agus thar iomaitheoirí eachtracha eile, agus ar an gcaoi sin neartaítear frithsheasmhacht gheilleagar na Rúise i gcoinne bearta srianta a dhéanann difear dó. I roinnt cásanna, tugtar an 'bhainistíocht shealadach', mar a thugtar uirthi, fiú d'iomaitheoirí Rúiseacha atá ag eintitis de chuid Aontais , rud a thugann buntáiste eacnamaíoch díreach dóibh ar na hiomaitheoirí sin de chuid an Aontais. Chun creat na mbeart sriantach ag an Aontas a neartú, tá údar maith lena chur ar chumas na Comhairle liosta a tharraingt suas de chuideachtaí Rúiseacha atá faoi réir toirmeasc ar idirbhearta, a thairbhíonn den 'bhainistíocht shealadach', mar a thugtar uirthi, neamhdhlisteanach sin, go háirithe trí bhainistiú mhaoin agus eintitis na n-eintiteas sin atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eintiteas atá bunaithe san Aontas a ghlacadh ar láimh 'go sealadach', nó trí oibriú san earnáil margaidh chéanna leis na heintitis sin atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an Aontais. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí i gcásanna áirithe.

(16) Tá bearta cinntitheacha déanta ag an Aontas chun eintitis a shainaithint a éascaíonn lámh tarrthála airgeadais leanúnach ar fáil do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bíodh sin trí nascadh leis an gCóras um Aistriú Teachtaireachtaí Airgeadais (SPFS) de chuid Bhanc Ceannais Chónaidhm na Rúise nó trí theacht timpeall bearta srianta an Aontais a chumasú, agus toirmeasc a chur ar aon idirbheart idir na heintitis sin agus oibreoirí an Aontais. As na heintitis a sainaithníodh, tá bearta déanta ag 5 cheann de na heintitis sin chun deireadh a chur le lúba ar lár agus chun deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí aindleathacha ábhartha. Dá bhrí sin, tá údar leis na liostuithe do na 5 eintiteas sin a bhaint den Iarscríbhinn XIX ábhartha a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES. Ina theannta sin, tá fianaise ann go leanann eintitis eile den sórt sin i dtríú tíortha de chur ar chumas na Rúise gníomhaíochtaí aindleathacha a dhéanamh. Sainaithníodh 4 eintiteas airgeadais. Ba cheart toirmeasc a chur ar idirbhearta idir iad agus daoine atá lonnaithe san Aontas, trí na 4 eintiteas airgeadais a liostú sna hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES.

(17) Tá an rúbal digiteach á sheoladh ag Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise, agus meastar go mbeidh sé ina mhodh coiteann íocaíochta sna blianta amach romhainn i measc cuideachtaí, daoine aonair, agus institiúidí creidmheasa agus airgeadais Rúiseacha, agus idir iad agus oibreoirí i dtríú tíortha. Cé go bhfuil sé fós ag an gcéim ullmhúcháin, tá sé beartaithe leis an rúbal digiteach, *inter alia*, córas íocaíochta a sholáthar lena gcosnófar Rúisigh ar éifeacht na mbeart sriantach a leagtar síos mar shampla i gCinntí 2014/512/CBES agus 2014/145/CBES ([2]), agus i Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 ([3]) agus (AE) Uimh. 269/2014 ([4]) ón gComhairle. Is iomchuí, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar pháirt a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, in aon idirbheart a bhaineann le hairgeadra digiteach mar sin de chuid an bhainc ceannais amhail an rúbal digiteach nó ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscadail den sórt sin. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le tréimhse theoranta ama chun foirceannadh ordúil conarthaí ábhartha atá ann cheana a chumasú.

(18) Is iomchuí cur le liosta na gcripteashócmhainní a bhfuil toirmeasc ar a n-úsáid in idirbhearta ós rud é go bhfuil baol ann go dtiocfar timpeall ar na toirmisc a leagtar síos, *inter alia*, i gCinntí 2014/512/CBES agus 2014/145/CBES, agus i Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014. B cheart foráil a dhéanamh freisin maidir le tréimhse theoranta ama chun foirceannadh ordúil conarthaí ábhartha atá ann cheana a chumasú.

(19) I mí Feabhra 2025, liostaíodh an cripteamhalartán Rúiseach Garantex sna hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES agus le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 as rochtain ar an gcóras airgeadais domhanda a sholáthar d'eintitis liostaithe. Léiríonn fianaise ó imscrúduithe na sochaí sibhialta gur aistríodh na gníomhaíochtaí Garantex sin chuig eintitis eile atá bunaithe sa Rúis, chun bearta sriantacha an Aontais a sheachaint. Dá bhrí sin, is dócha go mbunófar soláthraithe nua chun teacht timpeall ar na liostuithe sin mar thoradh ar aon liostú breise ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní aonair nó ar ardáin dhíláraithe lena gceadaítear cripteashócmhainní a mhalartú nó a aistriú. Chun a áirithiú go mbainfidh bearta sriantacha an Aontais an éifeacht atá beartaithe leo amach, is iomchuí toirmeasc a chur ar dhul i dteagmháil le haon soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní atá bunaithe sa Rúis, agus ar úsáid a bhaint as aon ardán atá bunaithe sa Rúis, lena n-éascaítear aistriú agus malartú cripteashócmhainní.

(20) Is iomchuí 20 institiúid creidmheasa nó airgeadais a chur le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir toirmeasc ar idirbhearta. Tá feidhm ag an toirmeasc ar idirbhearta maidir le hinstitiúidí creidmheasa nó airgeadais áirithe de chuid na Rúise nó maidir le heintitis eile, lena n-áirítear na heintitis a shuibscríobhann le seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais, nó maidir le fochuideachtaí Rúiseacha d'institiúidí creidmheasa nó airgeadais tríú tír, atá ábhartha maidir le córas airgeadais agus baincéireachta na Rúise, agus ar bainc réigiúnacha mhóra nó thábhachtacha iad, a éascaíonn, dá réir sin, airgeadas agus gnó réigiúnach agus cónaidhme, nó ar bainc iad a éascaíonn íocaíochtaí trasteorann agus, ar an gcaoi sin, a threisíonn geilleagar na Rúise agus a tionscal, nó ar bainc iad bhaineann an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine trí oibriú i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, nó trí sheirbhísí airgeadais a sholáthar ar chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, nó ar bainc iad a thairgeann seirbhísí airgeadais do phearsanra míleata i bhfórsaí armtha na Rúise, nó bainc atá faoi réir bearta sriantacha cheana arna bhforchur ag an Aontas nó ag tíortha comhpháirtíochta. Ina theannta sin, is gá leasú a dhéanamh ar dhíolúine is gá chun íocaíochtaí atá dlite a fháil agus chun go gcomhlíonfaidh na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES na réamhoibleagáidí, agus chun díolúine a chur isteach maidir le táillí gairmiúla réasúnta a íoc nó speansais thabhaithe a aisíoc a bhaineann le seirbhísí dlí a sholáthar, chomh maith le díolúine a bhaineann le riachtanais eagraíochtaí idirmheánacha atá maoinithe ag an stát le haghaidh bheartas cultúrtha eachtrach na mBallstát sa Rúis.

([2]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/269/oj).

(21) Tá údar maith le srianta breise a fhorchur ar sholáthar seirbhísí do Rialtas na Rúise agus do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, ar seirbhísí iad a rannchuidíonn le feabhas a chur ar chumais theicneolaíocha na Rúise, go háirithe seirbhísí slándála bainistithe a sholáthar.

(22) Is iomchuí díolúine a thabhairt isteach ón gceanglas maidir le réamhúdarú le haghaidh seirbhís a sholáthraítear do Rialtas na Rúise nach bhfuil faoi réir na mbeart sriantach cheana féin a leagtar amach i gCinneadh 2014/512/CBES nó i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, i gcás ina bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin ar mhaithe le feidhmiú ionadaíocht chonsalach nó taidhleoireachta de chuid na Rúise atá lonnaithe i mBallstát.

(23) Is gá leathnú a dhéanamh ar an toirmeasc atá ann cheana ar ghlacadh le maoiniú, tabhartais nó le haon tairbhe eacnamaíoch nó tacaíocht eacnamaíoch eile ón Rúis, bíodh sin go díreach nó go hindíreach, tríd an toirmeasc a leathnú chuig institiúidí taighde poiblí agus príobháideacha, ollscoileanna, forais ardoideachais, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachtaí poiblí agus gníomhaireachtaí poiblí, agus gnóthais agus eintitis eile sna hearnálacha tionsclaíocha agus tráchtála, lena n-áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga, fiontair mheánmhéide agus fiontair mhóra, a dhéanann gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta, agus chuig daoine nádúrtha a bhfuil baint acu leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin. Dá nglacfaí le cistiú poiblí ón Rúis, d'fhéadfadh sé go gcuirfí tacaíocht dhíreach nó indíreach ar fáil do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí na Rúise mar gheall ar an aistriú gaolmhar eolais, rochtain ar bhonneagar, oiliúint agus gníomhaíochtaí eile a dhéantar i gcomhthéacs an taighde agus na nuálaíochta. Ina theannta sin d'fhéadfaí tréimhsí taighde sa Rúis a bheartú sna cláir atá ann cheana. Is féidir na gníomhaíochtaí sin a úsáid le haghaidh feachtais tionchair agus chun bréagaisnéis a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh an bonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chun bolscaireacht ar son na Rúise a chur chun cinn arb é is aidhm di údar a thabhairt le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus tacú leis an gcogadh sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar chistiú ón Rúis agus óna hionadaithe do ghníomhaithe san Aontas a dhéanann gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta.

(24) Is iomchuí a shoiléiriú gur cheart a áireamh in oibleagáidí tuairiscithe a bhaineann le faisnéis lena n-éascófaí cur chun feidhme Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 an dualgas tuairisc a thabhairt faoi dhaoine a dhéanann iarrachtaí ar scéimeanna teacht timpeall, nó ar idirbhearta a mheastar a bheith amhrasach.

(25) Tá bearta sriantacha suntasacha forchurtha ag an Aontas san earnáil mhuirí i leith na Rúise, go háirithe maidir leis an gcabhlach soithí tancaeir, ar a dtugtar an 'scáthchabhlach', atá i mbun cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta. Chun a áirithiú nach dtiocfaidh soithí arna ndíol ag oibreoirí an Aontais isteach sa scáthchabhlach ná nach dtacóidh siad leis, ba cheart na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le díolacháin soithí tancaeir le hoibreoirí i dtríú tíortha a dhéanamh níos doichte trí fhoráil a dhéanamh maidir le dícheall cuí sonrach agus clásal éigeantach i gcomhaontuithe díolacháin ar dá réir nach féidir na tancaeir a dhíol ná a aistriú a thuilleadh chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis ná lena n-úsáid sa Rúis. Ba cheart an dícheall cuí sin a bheith comhréireach, agus ba cheart scagadh ar gach páirtí san idirbheart a bheith san áireamh ann. I gcomhthéacs sonrach díolachán soithí tancaeir, i gcás ina ndearna díoltóir de chuid an Aontais dícheall cuí iomchuí agus ina bhfuair sé na gealltanais chonarthacha is gá, níor cheart díoltóir an Aontais a chur faoi dhliteanas i gcás ina sáraíonn an ceannaitheoir na gealltanais sin ina dhiaidh sin, ar choinníoll gur ghníomhaigh díoltóir an Aontais de mheon macánta agus nach raibh faisnéis aige a thug le fios go raibh sé ar intinn ag an gceannaitheoir dul timpeall ar na bearta. Ba cheart gur ar an bpáirtí tríú tír a mhainníonn an toirmeasc conarthach a urramú a bheadh an dliteanas i leith an tsáraithe sin.

(26) Ag tabhairt dá haire go bhfuil aois athchúrsála bainte amach ag go leor soithí arna liostú ag an Aontas mar shoithí atá sa scáthchabhlach agus chun a n-athchúrsáil, seachas oibríochtaí leanúnacha, a spreagadh, agus chun a chur ar a gcumas d'oibreoirí an Aontais a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hathchúrsáil, ba cheart maolú nua ar bhearta sriantacha an Aontais athchúrsáil na soithí sin a éascú.

(27) Tá údar maith le srianta a thabhairt isteach ar shoithí bristeora oighir a oibríonn sa Rúis toisc go bhfuil na soithí sin ríthábhachtach chun tacú le honnmhairí ola agus gáis ó thuaisceart na Rúise. Ina theannta sin, ba cheart srian a thabhairt isteach ar sheirbhísí a sholáthar do thancaeir GNL atá faoi bhratach, faoi úinéireacht nó faoi bhainistiú na Rúise.

(28) Faoi láthair, is féidir le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí seachas daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí Rúiseacha, le daoine seachas iad siúd a liostaítear i gCinneadh 2014/512/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, agus le daoine seachas iad siúd atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, éilimh a dhéanamh i gcoinne cuideachtaí de chuid an Aontais a chomhlíonann smachtbhannaí, mar shampla tar éis do chuideachtaí de chuid an Aontais scor de tháirgí a sholáthar do náisiúnaigh tríú tíortha seachas Rúisigh a bhfuil toirmeasc ar a n-onnmhairiú chuig an Rúis. Dá bhrí sin, is iomchuí creat an Aontais maidir le bearta sriantacha a neartú trí raon feidhme an toirmisc ar shásamh na n-éileamh sin a leathnú. Is é is aidhm don síneadh sin oibreoirí an Aontais a chosaint a thuilleadh ar éilimh a eascraíonn as oibleagáidí conarthacha a ndearna bearta sriantacha an Aontais difear dá fheidhmiú. Dá bhrí sin, ba cheart raon feidhme an toirmisc ar shásamh na n-éileamh sin a leathnú freisin chun éilimh arna ndéanamh ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe i dtríú tíortha, seachas an Rúis agus tíortha comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES a chumhdach, i gcás ina bhfuil na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin ag díol, ag soláthar, ag aistriú nó ag onnmhairiú earraí, teicneolaíochta nó seirbhísí a bhfuil toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú faoi Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, bíodh na hearraí, an teicneolaíocht nó na seirbhísí de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh.

(29) Ghlac an Rúis reachtaíocht, go háirithe Foraithne Uimh. 122 ó Uachtarán Chónaidhm na Rúise an 15 Feabhra 2024 agus Foraithne Uimh. 1767 ó Rialtas Chónaidhm na Rúise an 18 Deireadh Fómhair 2021, arna leasú le Rún Uimh. 380 ón Rialtas an 27 Márta 2024, lena gceadaítear do Rialtas na Rúise cinneadh a dhéanamh, arna iarraidh sin d'eintiteas dlítheanach Rúiseach ar leis Stát na Rúise, eintiteas dlítheanach Rúiseach, nó saoránach Rúiseach, go díreach nó go hindíreach, níos mó ná 75 % den scairchaipiteal, maidir le haireagán, cuspa áisiúlachta nó dearadh tionsclaíoch a úsáid gan toiliú an tsealbhóra cirt, nach gceanglaítear ach cúiteamh siombalach a íoc ina leith isteach i gcuntas bainc rúbal speisialta. Dírítear sa reachtaíocht, ar shealbhóirí cirt atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha i dtíortha, agus daoine dlítheanacha atá corpraithe faoi dhlíthe tíortha, a fhorchuireann bearta sriantacha ar an Rúis mar gheall ar a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear daoine agus cuideachtaí sna Ballstáit. Leis an reachtaíocht, baintear go héifeachtach de shealbhóirí cirt an Aontais cosaint dhlisteanach dá gcearta maoine intleachtúla agus dá rúin trádála sa Rúis, rud a thugann buntáiste eacnamaíoch do chuideachtaí atá faoi úinéireacht na Rúise, agus a chuireann borradh faoi thionscal na Rúise ar deireadh. Thairis sin, rannchuidíonn an reachtaíocht sin go díreach le hathléimneacht gheilleagar na Rúise agus lena hiarracht chogaidh a mhéadú, go háirithe nuair a úsáidtear na haireagáin, na cuspaí áisiúlachta nó na dearaí tionsclaíocha i gceist i réimse na cosanta nó le haghaidh earraí dé-úsáide. Is iomchuí, dá bhrí sin, toirmeasc ar idirbhearta a fhorchur ar eintitis arna n-ionchorprú faoi dhlí na Rúise a úsáideann, gan a dtoiliú, cearta maoine intleachtúla fochuideachtaí arna n-ionchorprú sa Rúis de chuid chuideachtaí an Aontais. Chun sainaithint eintiteas a úsáideann cearta maoine intleachtúla agus rúin trádála shealbhóirí cirt an Aontais gan a dtoiliú ar an mbealach sin a éascú, is gá do shealbhóirí cirt an Aontais dá ndéantar difear an Ballstát faoi seach a chur ar an eolas faoin úsáid sin.

(30) Is gá leasú a dhéanamh ar an sásra réamhfhógra do thaidhleoirí Rúiseacha agus d'oifigigh chonsalacha Rúiseacha, agus do bhaill d'fhoireann riaracháin agus theicniúil nó d'fhoireann seirbhíse mhisin taidhleoireachta nó phoist chonsalacha na Rúise, agus dá mbaill teaghlaigh, agus iad ag taisteal chuig Ballstát seachas Ballstát a gcreidiúnaithe nó a gcónaithe.

(31) Is tosaíocht i gcónaí é teacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais i dtríú tíortha agus ag tríú tíortha a chosc agus a chomhrac. Rinneadh iarrachtaí suntasacha chun cosc a chur ar athonnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide de thionscnamh an Aontais chuig an Rúis, lena n-áirítear na hearraí Ardtosaíochta Coiteanna (ATC) mar a liostaítear in Iarscríbhinní VII agus XL a ghabhann le Rialachán (AE) 833/2014. Déanann an Coimisiún faireachán ar shreafaí trádála na n-ítimí sin agus téann an Toscaire Speisialta maidir le Cur Chun Feidhme Smachtbhannaí an Aontais i dteagmháil le tríú tíortha inar sainaithníodh sreafaí trádála amhrasacha.

(32) Tá údar maith le dhá Chód ainmníochta comhcheangailte (AC) agus Poblacht na Cirgise a chur le liosta na n-earraí agus na teicneolaíochta srianta agus na dtíortha a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES. Bunaithe ar na sonraí trádála atá ar fáil don chéad 10 mí de 2025, bhí allmhairí earraí coiteanna ardtosaíochta ón Aontas chuig Poblacht na Cirgise beagnach 800 % níos airde ná mar a bhí roimh chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Le haghaidh na tréimhse céanna, bhí onnmhairí earraí coiteanna ardtosaíochta ó Phoblacht na Cirgise chuig an Rúis 1 200 % níos airde ná mar a bhí roimh chogadh foghach na Rúise. Baineann na liostuithe le hionaid mheaisínithe le haghaidh miotal a shaoirsiú (cód AC 8457 10) agus ar mheaisíní le haghaidh guth, íomhánna nó sonraí eile a ghlacadh, a thiontú agus a tharchur nó a athchruthú, lena n-áirítear gléasra lasctha agus ródaithe (cód AC 8517 62). Liostaítear na cóid AC sin faoi na hiarscríbhinní ábhartha a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ós rud é gur féidir earraí a úsáid chun rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála na Rúise. Úsáidtear ionaid mheaisínithe go forleathan sa mhonaraíocht i réimse na cosanta, toisc gur féidir leo comhpháirteanna miotail ardchruinnis a tháirgeadh atá riachtanach don táirgeadh míleata. Úsáidtear meaisíní le haghaidh tarchur gutha agus sonraí, *inter alia*, le haghaidh líonraí cumarsáide ar an láthair agus le haghaidh teiliméadracht drón. Léiríonn leibhéal ard allmhairí na n-ítimí sin chuig Poblacht na Cirgise ón Aontas go bhfuil riosca leanúnach agus an-ard ann go rachfar timpeall orthu, trí na hearraí a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú ina dhiaidh sin ó Phoblacht na Cirgise go dtí an Rúis.

(33) Rinne an Toscaire Speisialta Idirnáisiúnta maidir le Cur Chun Feidhme Smachtbhannaí an Aontais for-rochtain ghníomhach le Poblacht na Cirgise agus chuaigh an tAontas i mbun plé teicniúil le húdaráis na Cirgise freisin. D'ainneoin iarrataí iomadúla agus d'ainneoin malartuithe éagsúla, níor ghlac ná níor fhorfheidhmigh Poblacht na Cirgise bearta ar leor iad chun a áirithiú nach ndéanfar ítimí CTÉ de thionscnamh an Aontais a athonnmhairiú chuig an Rúis, rud a mhéadaíonn go suntasach an riosca go n-úsáidfear a dlínse chun dul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart Poblacht na Cirgise a shainaithint mar dhlínse ina bhfuil an riosca maidir le teacht timpeall sistéamach agus leanúnach, agus níor chuir na húdaráis cosc ar dhíol, soláthar, aistriú ná onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta chuig an Rúis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, a onnmhairítear ón Aontas.

(34) Is iomchuí liosta na dtíortha comhpháirtíochta maidir le hallmhairiú táirgí peitriliam a leathnú.

(35) Is iomchuí freisin dhá chalafort agus loc sa Rúis agus calafort agus loc amháin i dtríú tír seachas an Rúis a chur leis an Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, a úsáidtear chun dul timpeall ar chaidhp praghsála ola ag soithí a chleachtann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca. Baineann sé sin le Críochfort Ola Kharimun san Indinéis.

(36) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(37) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1ae mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(d) nach institiúid creidmheasa nó airgeadais é nó eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó seirbhísí íocaíochta agus a thairgeann seirbhísí lena gcumasaítear idirbhearta idirnáisiúnta a dhéanamh, lena n-áirítear trí íocaíochtaí ó chuntais i dtíortha seachas an Rúis, trí ghlanluacháil, trí fhritháireamh, trí réiteach nó trí shocraíocht, lena gcuirtear bac ar chuspóir na dtoirmeasc i gCinntí 2014/512/CBES agus 2014/145/CBES, agus i Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014, mar a liostaítear i gCuid D d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an gCinneadh seo.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 freisin maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintiteas dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) nó (d) de mhír 1;

(b) eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó seirbhísí íocaíochta agus a oibríonn mar eintiteas scáthánach nó eintiteas comharba ar eintiteas dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) de mhír 1;

(c) eintiteas a thairgeann seirbhísí cumasúcháin atá coibhéiseach leo siúd a sholáthraíonn na heintitis dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2b. Chun críocha mhír 2, pointe (c), is éard is seirbhís cumasúcháin choibhéiseach ann seirbhís a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) is eintiteas nach institiúid creidmheasa, ná institiúid airgeadais, ná eintiteas a thairgeann seirbhísí cripteashócmhainní é an t-eintiteas a sholáthraíonn an tseirbhís;

(b) tá an tseirbhís dírithe ar chustaiméirí Rúiseacha agus tá sé ar intinn aici idirbhearta trasteorann a chumasú, lena n-áirítear trí íocaíochtaí ó chuntais i dtíortha seachas an Rúis, trí ghlanluacháil, trí fhritháireamh, trí réiteach nó trí shocraíocht;

(c) ní eisiatar leis an tseirbhís aon cheann de na hidirbhearta a thoirmisctear faoin gCinneadh seo agus faoi Chinneadh 2014/145/CBES, nó faoi Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014.’;

(2) leasaítear Airteagal 1af(1) mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) chun táirgí amhola nó peitriliam a iompar de mhuir, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, nó táirgí mianracha, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis ar shoithigh atá i mbun cleachtais loingseoireachta ardriosca agus neamhrialta mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta;’;

(b) i mír 3, cuirtear isteach an pointe (h) seo a leanas:

‘(h) maidir le hidirbhearta leis an gcalafort a liostaítear faoi uimhir iontrála 7 i gCuid A d’Iarscríbhinn XXI chun earraí a thagann faoi chóid AC 7207 12 10 agus 7224 90 a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, mura dtoirmisctear a mhalairt leis an gCinneadh seo.’;

(3) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 1aj*

1. Toirmiscfear dul i mbun aon idirbhirt, go díreach nó go hindíreach, le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) d’Airteagal 7(1) den Chinneadh seo, a thairbhigh, lena n-áirítear trí oibriú san earnáil margaidh chéanna, de chinneadh de bhun Fhoraithne Uimh. 302 ó Uachtarán Chónaidhm na Rúise an 25 Aibreán 2023 arna leasú ina dhiaidh sin, de bhun Dhlí Cónaidhme Uimh. 470-FZ an 4 Lúnasa 2023 arna leasú ina dhiaidh sin, nó de bhun reachtaíocht ghaolmhar nó choibhéiseach na Rúise, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXVII.

2. Mura dtoirmisctear ar bhealach eile iad, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis nó talmhaíochta agus bia a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin, táirgí a gceadaítear a gceannach, a n-allmhairiú, agus a n-iompar faoin gCinneadh seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014;

(b) idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas a thabhairt nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát ar choinníoll go bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo agus Chinneadh 2014/145/CBES, agus le cuspóirí Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014;

(c) gan dochar do phointe (b) den mhír seo, idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun cúiteamh a fháil i leith damáistí de bhun na nithe seo a leanas:

(i) Airteagal 11a nó 11b de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014; nó

(ii) Airteagal 11a de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

Airteagal 1ak

1. Toirmiscfear dul i mbun aon idirbhirt, go díreach nó go hindíreach, le duine dlítheanach nó nádúrtha, eintiteas nó comhlacht a fhéachann le breithiúnais a shásaíonn éilimh dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 11a de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a fhorfheidhmiú lasmuigh den Aontas, nó a chomhoibríonn leis sin, nó le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil na daoine nádúrtha, eintitis nó comhlachtaí sin faoina n-úinéireacht nó faoina rialú, cé is moite de dhlíodóirí agus na breithiúna, mar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XXVIII.

2. Toirmiscfear dul i mbun aon idirbhirt aon idirbhirt, go díreach nó go hindíreach, le duine dlítheanach nó nádúrtha, eintiteas nó comhlacht a fhéachann le cinntí dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 11b de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a fhorfheidhmiú lasmuigh den Aontas, nó a chomhoibríonn leis sin, nó le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil na daoine nádúrtha, eintitis nó comhlachtaí sin faoina n-úinéireacht nó faoina rialú, cé is moite de dhlíodóirí agus de na breithiúna, mar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XXVIII.

3. Mura dtoirmisctear ar bhealach eile iad, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis nó talmhaíochta agus bia a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin, táirgí a gceadaítear a gceannach, a n-allmhairiú, agus a n-iompar faoin gCinneadh seo nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014;

(b) idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas a thabhairt nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát ar choinníoll go bhfuil na hidirbhearta sin comhsheasmhach le cuspóirí an Chinnidh seo agus Chinneadh 2014/145/CBES, agus le cuspóirí Rialacháin (AE) Uimh. 833/2014 agus (AE) Uimh. 269/2014;

(c) gan dochar do phointe (b) den mhír seo, idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun cúiteamh a fháil i leith damáistí de bhun na nithe seo a leanas:

(i) Airteagal 11a nó 11b de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014; nó

(ii) Airteagal 11a de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1ba:

'*Airteagal 1ba*

Toirmiscfear gabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart a bhaineann leis na cripteashócmhainní nó le hairgeadraí digiteacha bainc ceannais a liostaítear in Iarscríbhinn XXVI, nó aon tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na gcripteashócmhainní nó na n-airgeadraí digiteacha bainc ceannais sin.';

(5) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'*Airteagal 1bb*

1. Toirmiscfear dul i mbun aon idirbhirt, go díreach nó go hindíreach, le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ar eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó ar ardán é lenar féidir cripteashócmhainní a mhalartú nó a aistriú agus atá bunaithe sa Rúis.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo maidir le feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(b) idirbhearta arna ndéanamh ag náisiúnaigh de Bhallstát a bhfuil cónaí orthu sa Rúis agus a raibh cónaí orthu inti roimh an 24 Feabhra 2022.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo le haghaidh dífheistiú ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh.

4. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 ón 24 Bealtaine 2026.';

(6) leasaítear Airteagal 1e mar a leanas:

(a) i mír (1a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) idirbhearta a bhfuil gá leo chun glacadh le híocaíochtaí atá le híoc ag na daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII de bhun conarthaí agus oibleagáidí a comhlíonadh roimh an 24 Aibreán 2026;';

(b) i mír 1, cuirtear na pointí seo a leanas léi:

'(i) idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc nó costais arna dtabhú a aisíoc, ar costais iad a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin';

(j) idirbhearta a bhfuil gá leo le haghaidh riachtanais eagraíochtaí idirmheánacha atá maoinithe ag an stát le haghaidh bheartas cultúrtha eachtrach na mBallstát sa Rúise.';

(7) leasaítear Airteagal 1k mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(i) seirbhísí slándála bainistithe.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4a. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir le soláthar, go díreach nó go hindíreach, seirbhísí nach gcumhdaítear le míreanna 1 nó 2 d'ionadaíocht chonsalach nó taidhleoireachta Chónaidhm na Rúise atá lonnaithe i mBallstát a bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin d'fheidhmiú na hionadaíochta sin.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'8d. Beidh feidhm ag mír 1, pointe (i) ón 25 Bealtaine 2026;';

(8) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'*Airteagal 1oa*

1. Toirmiscfear dul i mbun idirbhirt, go díreach nó go hindíreach, le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a d'úsáid nó a úsáideann, de bhun Fhoraithne Uimh. 122 ó Uachtarán Chónaidhm na Rúise an 15 Feabhra 2024, Foraithne Uimh. 1767 ó Rialtas Chónaidhm na Rúise an 18 Deireadh Fómhair 2021 arna leasú le Rún Uimh. 380 ón Rialtas an 27 Márta 2024, nó de bhun reachtaíocht ghaolmhar nó choibhéiseach na Rúise nó de bhun aon urghaire, ordú, faoiseamh, breithiúnas nó cinneadh eile ó chúirt Rúiseach, cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála ar le duine dlítheanach sa Rúis iad nó atá ceadúnaithe do dhuine dlítheanach sa Rúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag duine nádúrtha Ballstáit nó duine dhlítheanaigh atá corpraithe faoi dhlí Ballstáit gan toiliú an tsealbhóra cirt, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIX.

2. Gan dochar d'Airteagal 6b de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, cuirfidh daoine nádúrtha Ballstáit nó na daoine dlítheanacha atá corpraithe faoi dhlí Ballstáit a luaitear i mír 1 den Airteagal seo údarás inniúil an Bhallstáit sin ar an eolas faoi aon úsáid, de bhun reachtaíocht na Rúise a luaitear sa mhír sin agus gan toiliú an tsealbhóra cirt, maidir le haon cheann de na cearta maoine intleachtúla nó na rúin trádála atá faoi úinéireacht nó faoi cheadúnas na ndaoine dlítheanacha atá faoina n-úinéireacht nó faoina rialú sa Rúis.

3. Cuirfidh na Ballstáit arna gcur ar an eolas ag sealbhóirí cirt i gcomhréir le mír 2 an Coimisiún ar an eolas ina dhiaidh sin maidir le cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a úsáid gan toiliú.';

(9) in Airteagal 1p(2), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(e) institiúidí taighde poiblí agus príobháideacha, ollscoileanna, forais ardoideachais, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí poiblí, chomh maith le gnóthais agus eintitis eile sna hearnálacha tionsclaíocha agus tráchtála, lena n-áirítear micrifhiontair, fiontair bheaga, fiontair mheánmhéide agus fiontair mhóra, a dhéanann gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(f) daoine nádúrtha a bhfuil baint acu leis na daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (e).

(*) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).';

(10) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (4):

'4. Beidh an toirmeasc i mír 3 gan dochar don mhéid seo a leanas:

(a) forfheidhmiú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Lúnasa 2014, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorfheidhmiú; nó

(b) soláthar páirteanna spártha agus seirbhísí atá riachtanach do chothabháil agus do shábháilteacht na gcumas atá ann cheana san Aontas; nó

(c) an anailís fhóiréinseach mhíleata ar earraí de thionscnamh na Rúise agus a aisghabhadh ón Úcráin.';

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'8. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1b d'Airteagal 4m a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná maidir le maoiniú gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar, cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe le haghaidh éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

9. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear i mír 1b d'Airteagal 4m a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó maoiniú gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar, cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta gaolmhara nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí nó leis an teicneolaíocht sin nó le maoiniú gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar, cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta gaolmhara nó seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) chun críocha leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, mar shampla seachadadh cúnaimh a sholáthar nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia nó aistriú oibrithe daonnúla agus cúnaimh ghaolmhair nó le haghaidh aslonnaithe;

(b) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit údaraithe agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chonradh léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus Cónaidhm na Rúise;

(c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, mar aon le leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó soláthar teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh an chomhair núicléach shibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha; nó

(d) táirgeadh earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.';

10. Ní dochar míreanna 8 agus 9 do na díolúintí agus na maoluithe a leagtar amach in Airteagal 4m, agus go háirithe míreanna 4aa, 4b agus 5 de.';

(11) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

'(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Rúis, atá faoi úinéireacht nó faoi rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit;';

(b) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

'(iii) go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nó soláthar an chúnaimh ghaolmhair theicniúil nó airgeadais beartaithe don earnáil fuinnimh, mura gceadaítear an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais faoi na heisceachtaí dá dtagraítear i míreanna 3 go 6 d'Airteagal 4 agus mír 4aa d'áirteagal 4m.';

(12) in Airteagal 3a(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

'(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Rúis, atá faoi úinéireacht nó faoi rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit;';

(13) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na bogearraí dá dtagraítear i mír 1a, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na mbogearraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na bogearraí dá dtagraítear i mír 1a chun na bogearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d'aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na bogearraí dá dtagraítear i mír 1a agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na mbogearraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh i mír 3:

'3. Na toirmisc i mír 2, ní bheidh feidhm acu maidir le díol, soláthar, aistriú ná onnmhairiú bogearraí, ná maidir le cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais a sholáthar, is gá chun:';

(d) scriostar mír 3a;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh i mír 6:

'6. De mhaolú ar mhíreanna 1a agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, a údarú aon chúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú agus a sholáthar, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:';

(14) in Airteagal 4g, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 freisin maidir le hábhar ar líne duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a oibríonn mar eintiteas comhuaineach de chuid duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i mír 1, i gcás ina gcomhlíontar dhá cheann ar a laghad de na critéir seo a leanas:

(a) ábhar nó beathaí atá comhionann go substaintiúil;

(b) leanúnachas brandála, dearaidh nó comhéadain úsáideora;

(c) úinéireacht, rialú nó bainistíocht fhorluiteach;

(d) atreorú nó imirce úsáideoirí ó dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1;

(e) leanúnachas bonneagair theicniúil, lena n-áirítear úsáid an chódbhoinn chéanna, na bhfearann céanna nó na bhfeidhmchlár céanna.';

(15) in Airteagal 4ha(5a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) go bhfuil gá leis an rochtain le haghaidh oibríochtaí a bhfuil géarghá leo chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a thabhairt chun críche san Aontas';

(16) leasaítear Airteagal 4k mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3be. Maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 2501, 2517, 2519, 2522, 2530, 2601, 2619, 2620, 2621, 2804 61, 2804 69, 2815, 2816, 2825 20, 2833, 2849, 2910, 2916, 2926, 4016, 4302, 7110 11, 7110 19, 7110 31, 7110 39, 7110 41, 7110 49, 7204, 7401, 7402, 7403 (seachas 7403 19), 7404, 7406, 7503, 7504, 7505, 7602, 7603, 7610, 7612, 8102, 8104 agus 8105, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Iúil 2026 maidir le conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Aibreán 2026, nó na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3bf. Maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 7403 19, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Eanáir 2027 maidir le conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Aibreán 2026, nó na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.'

(b) scriostar míreanna 3cc agus 3cd;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3e:

'3e. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú earraí a thagann faoi chóid AC 7007, 7019, 8424 10 00, 8479, 8481, 8483, 8487, 8504, 8516 29 91, 8517, 8525, 8531, 8536, 8537, 8538, 8539, 8542, 8543, agus 8603, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó soláthar cúnaimh theicniúil agus airgeadais ghaolmhair a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá déanamh amhlaidh chun gluaisteáin líne mheitreo 3 Bhúdaipeist arna seachadadh in 2018 a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú, i bhfeidhmiú na ráthaíochta saoil seirbhíse arna soláthar ag Metrowagonmash roimh an 24 Meitheamh 2023.';

(d) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'3h. Ón 24 Aibreán 2026 ar aghaidh, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an allmhairiú, an ceannach ná an t-iompar, ná maidir leis an gcúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann, is gá chun 688 000 tona méadrach de na hearraí sin a thagann faoi chód AC 2814 a allmhairiú isteach san Aontas idir an 24 Aibreán i mbliain ar leith agus an 23 Aibreán den bhliain dár gcionn.

3i. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú a údarú go dtí an 25 Aibreán 2031 maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 7007, 7019, 8471, 8479, 8481, 8482, 8483, 8487, 8504, 8517, 8523, 8525, 8531, 8536, 8537, 8538, 8539, 8542, 8543, 8603, 9030, 9031, 9032 agus 9405, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI, nó maidir le cúnamh gaolmhar teicniúil agus airgeadais a sholáthar, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe le sábháilteacht oibriú, chothabháil nó dheisiú carráistí línte mheitreo 1, 2 agus 4 Shóifia, arna dtáirgeadh agus arna seachadadh go dtí 2017.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na cuótaí maidir le méideanna allmhairiúcháin a leagtar amach i míreanna 3cg, 3ch, 3h agus 4 den Airteagal seo a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta le haghaidh taraifchuótaí dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún.';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 3ab, 3c, 3ce, 3e, 3g nó 3i laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(17) leasaítear Airteagal 4m mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1b. Gan dochar do mhír 1, toirmisctear earraí a thagann faoi chóid AC 7304 11 00, 7304 19 10, 7304 19 30, 7304 19 90, 7304 22 00, 7304 23 00, 7304 29 10, 7304 29 30, 7304 29 90, 7305 11 00, 7305 12 00, 7305 19 00, 7305 20 00, 7306 11, 7306 19, 7306 21 00, 7306 29 00, 8207 13 00, 8207 19 10, 8413 50, 8413 60, 8413 82 00, 8413 92 00, 8430 49 00, 8431 39 00, 8431 43 00, 8431 49, 8705 20 00, 8905 20 00 nó 8905 90 10, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach nó lena n-úsáid sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Toirmiscfear an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1b, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1b a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d’eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt d’aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1b agus le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.’;

(c) scriostar míreanna 3ah, 3ai agus 3aj;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘3al. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi na cóid AC a liostaítear in Iarscríbhinn XXIIIH a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Iúil 2026 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Aibreán 2026, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(e) i mír 4a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) earraí a thagann faoi chód AC 3916 20 nuair atá géarghá leo chun urláir nó fuinneoga PVC a dhíol.’;

(f) i mír 5a, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(g) earraí a thagann faoi chóid AC 3920 43 10 99, 3925 90 10, 3925 90 80 00, nó 8302 41 50 a bhfuil géarghá leo chun fuinneoga a dhíol.’;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4aa:

‘4aa. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1, 1a, 1b agus 2 maidir leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe le haghaidh éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach nach beag aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.’;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4b:

‘4b. De mhaolú ar mhíreanna 1, 1b agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chaibidlí AC 72, 84, 85, agus 90, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis sin chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.’;

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5aa:

‘5aa. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí a thagann faoi chóid AC 2835 22 00, 2920 90, 3917 10 agus 3920 62 a údarú, nó soláthar cúnaimh theicniúil nó airgeadais ghaolmhair a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go ndéantar na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú go docht chun ítimí bia lena gcaitheamh ag an duine a tháirgeadh sa Rúis.’;

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5b:

‘5b. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 4a, 4b, 4c, 4d, 4g, 5, 5aa, 5h, 5i agus 5j laistigh de 2 sheachtain ón údarú.’;

(k) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘5j. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta a thagann faoi chód AC 3403 19 80 mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXVII a onnmhairítear ón Ungáir trí chríoch na Rúise a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin ceaptha don Asarbaiseáin.’;

(18) leasaítear Airteagal 4o mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘2a. Ón 1 Eanáir 2027, beidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le comhdhlúthán gáis nádúrtha faoi fho-cheannteideal AC 2709 00 10 ó ghléasraí táirgthe gáis nádúrtha leachtaithe.’;

(19) leasaítear Airteagal 4p mar a leanas:

(a) leasaítear mír 6 mar a leanas:

(i) scriostar pointí (b) agus (c);

(ii) ag deireadh na míre, cuirtear isteach an téacs seo a leanas léi mar fhomhír neamhuimhrithe nach cuid de phointe (e) í:

'Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón Ardionadaí, gan moill mhíchuí ar bhonn comhordú iomlán agus breithniú ar an bplé a rinne G7 agus Comhghuaillíocht na Caidhpe Praghais maidir le cur i bhfeidhm na heisceachta ar na toirmisc i míreanna 1 agus 4 i ndáil le hamhola nó táirgí peitriliam a thrádáiltear ag praghsanna atá faoi bhun na caidhpe praghais.';

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'6b. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4:

(a) maidir le hamhola nó táirgí peitriliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII i gcás inar de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach é úinéir na n-earraí sin;

(b) maidir le hiompar, nó le cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le hiompar den sórt sin, i gcás na dtáirgí a luaitear in Iarscríbhinn XII chuig na tríú tíortha a luaitear ann, don tréimhse atá sonraithe san Iarscríbhinn sin.

6c. Ón 1 Eanáir 2027, beidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 maidir le comhdhlúthán gáis nádúrtha faoi fho-cheannteideal AC 2709 00 10 ó ghléasraí táirgthe gáis nádúrtha leachtaithe.';

(20) in Airteagal 4pa, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití i mír 1:

'1. De mhaolú ar Airteagail 3, 3a, 4, 4h agus 4m, féadfaidh na húdaráis inniúla díol, soláthar, aistriú, onnmhairiú nó idirthuras tríd an Rúis na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear sna hAirteagail sin a údarú, nó cúnamh gaolmhar teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile, nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, chun píblínte de Phíblíne Chuibhreannais Chaisp (CPC) agus an bonneagar gaolmhar a oibriú agus cothabháil a dhéanamh orthu, ar earraí agus ar teicneolaíocht iad a thagann faoi AC 2709 00 de thionscnamh na Casacstáine agus nach bhfuil ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:';

(21) leasaítear Airteagal 4u mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, earraí a thagann faoi chóid AC 7102 31 00 agus 7102 10 00 a allmhairítear isteach san Aontas, cuirfear faoi bhráid an údaráis a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIIIB a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 iad lena bhfíorú gan mhoill, mar aon le deimhniú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002 ón gComhairle (*) ina luaitear go soiléir tír thionscnaimh na mianadóireachta nó tíortha tionscnaimh na mianadóireachta. Áiritheoidh an Ballstát ina dtabharfar na hearraí sin isteach i gcríoch chustaim an Aontais go gcuirfear faoi bhráid an údaráis a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIIIB a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 iad. Féadfar idirthuras custaim a dheonú chuige sin. Má dheonaítear an t-idirthuras custaim sin, cuirfear an fíorú dá bhforáiltear sa mhír seo ar fionraí go dtí go sroichfidh na hearraí sin an t-údarás a shonraítear in Iarscríbhinn XXXVIIIB a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Beidh an t-allmhaireoir freagrach as gluaiseacht cheart na n-earraí sin agus costais na gluaiseachta sin. Ní bheidh gá na hearraí a chur faoi bhráid an údaráis sin ar choinníoll go ndearnadh an nós imeachta fíorúcháin dá bhforáiltear sa mhír seo orthu roimhe seo agus ar choinníoll go gcruthaítear é sin le fianaise inrianaitheachta, lena n-áirítear deimhniú comhfhreagrach lena ndeimhnítear nach ndéantar na diamaint a bhaint, a phróiseáil ná a tháirgeadh sa Rúis, dá bhforáiltear i mír 10.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 2368/2002 ón gComhairle an 20 Nollaig 2002 lena gcuirtear chun feidhme scéim deimhniúcháin Phróiseas Kimberley um thrádáil idirnáisiúnta i ndiamaint gharbha (IO L 358, 31.12.2002, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2368/oj).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4, tráth an allmhairithe, soláthróidh allmhaireoirí fianaise maidir le tír thionscnaimh na ndiamant nó na dtáirgí ina gcorpraítear diamaint a úsáidtear mar ionchur chun an táirge a phróiseáil i dtríú tír.

Ón 1 Márta 2025 ar aghaidh, san fhianaise inrianaitheachta le haghaidh táirgí a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn XXXVIIIA a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, a thagann faoi chóid AC 7102 10 00 agus 7102 31 00, áireofar deimhniú comhfhreagrach lena ndeimhnítear nár baineadh, nár próiseáladh ná nár táirgeadh na diamaint sa Rúis. Maidir le táirgí a thagann faoi chód AC 7102 39 00, mar a liostaítear i gCuid A d’Iarscríbhinn XXXVIIIA a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, beidh feidhm ag úsáid éigeantach fianaise inrianaitheachta, lena n-áirítear ráiteas maidir le dícheall cuí lena ndeimhnítear nach ndéantar na diamaint a bhaint, a phróiseáil ná a tháirgeadh sa Rúis, amhail ón 24 Aibreán 2026.’;

(22) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4v:

‘*Airteagal 4v*

1. Cuirfear toirmeasc ar aon náisiúnach de chuid Ballstáit, aon duine nádúrtha a chónaíonn i mBallstát, agus aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas soithí tancaeir chun amhola nó táirgí peitriliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, a thagann faoi chód CC ex 8901 20, a dhíol nó úinéireacht orthu a aistriú ar bhealach eile go díreach nó go hindíreach, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

2. Gan dochar don toirmeasc i mír 1, aon náisiúnach de chuid Ballstáit, aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air i mBallstát, agus aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas agus a dhíolann nó a aistríonn úinéireacht ar bhealach eile, le daoine, eintitis agus comhlachtaí i dtríú tír, go díreach nó go hindíreach, ar shoithí tancaeir chun amhola nó táirgí peitriliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a iompar, a thagann faoi chód CC ex 8901 20, bíodh na táirgí sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) bearta iomchuí a dhéanamh, i gcomhréir lena gcineál agus lena méid, chun na rioscaí a bhaineann le hathaistriú chun na Rúise nó lena n-úsáid sa Rúis a shainaithint agus a mheasúnú, agus a áirithiú go ndéanfar na measúnuithe riosca sin a dhoiciméadú agus a choinneáil cothrom le dáta;

(b) beartais, rialuithe agus nósanna imeachta iomchuí a chur chun feidhme, i gcomhréir lena gcineál agus lena méid, chun na rioscaí a bhaineann le hathaistriú chun na Rúise nó lena n-úsáid sa Rúis a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach.

3. Daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear i mír 2 a fhaigheann na soithí tancaeir, soláthróidh siad an fhaisnéis uile is gá chun na céimeanna dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), a chur i gcrích.

4. Maidir le haon díolachán nó aon socrú eile lena n-aistríonn náisiúnach Ballstáit, duine nádúrtha a chónaíonn i mBallstát, nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas chuig aon tríú tír, úinéireacht ar shoithí tancaeir chun amhola nó táirgí peitriliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, a thagann faoi chód CC ex 8901 20, a iompar, cé is moite de dhíol nó aistriú eile úinéireachta a thoirmisctear faoi mhír 1, cuirfear é sin in iúl láithreach d’údaráis inniúla an Bhallstáit inar saoránach nó cónaitheoir é úinéir an tancaeir nó ina bhfuil úinéir an tsoithigh bunaithe.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san fhógra a thabharfar don údarás inniúil: céannacht an díoltóra agus an cheannaitheora, agus i gcás inarb infheidhme doiciméid chorpraithe an díoltóra agus an cheannaitheora lena n-áirítear scairshealbhú agus bainistiú; uimhir aitheantais loinge IMO an tsoithigh; agus Glao-Chomhartha an tsoithigh.

5. Maidir le haon díolachán nó aon socrú eile lena n-aistríonn náisiúnach Ballstáit, duine nádúrtha a chónaíonn i mBallstát nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas chuig aon tríú tír, úinéireacht ar shoitheach tancaeir chun amhola nó táirgí peitriliam a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, a thagann faoi chód CC ex 8901 20, a iompar, beidh toirmeasc conarthach i scríbhinn ar aon athdhíol nó aistriú breise an tsoithigh chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

6. Áireofar freisin sa socrú díolacháin nó sa socrú eile dá dtagraítear i mír 5 forálacha conarthacha i scríbhinn lena ndéanfaidh an páirtí tríú tír a fhaigheann an soitheach an méid seo a leanas:

(i) go ngeallann sé go ndéanfaidh sé aithris ar an toirmeasc i mír 5 in aon athdhíol nó aistriú breise a ghabhfaidh sé de láimh; agus,

(ii) go gcuirfidh sé de cheangal ar fhaighteoir an tsoithigh, in aon athdhíol nó aistriú breise, forálacha conarthacha i scríbhinn a chur san áireamh atá coibhéiseach leis na forálacha a cheanglaítear le mír 5 agus leis an mír seo.

7. Maidir leis an mBallstát lena mbaineann, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhógra faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón bhfógra.';

(23) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'*Airteagal 4wb*

Ón 1 Eanáir 2027, beidh toirmeasc ar sheirbhísí críochfoirt GNL a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht nó á rialú ag saoránach nó ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach sa Rúis.

Beidh toirmeasc ar chonarthaí a choinneáil ar bun a bhaineann le seirbhísí GNL atá toirmiscthe de bhun an Airteagail seo tar éis an 1 Eanáir 2027.';

(24) Leasaítear Airteagal 4x mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'3a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit cur i gcrích na n-oibríochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (g) de mhír 1 a údarú i ndáil le soitheach a liostaítear in Iarscríbhinn XVI tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil sé beartaithe an soitheach a athchúrsáil; agus,

(b) go bhfuil gá leis na hoibríochtaí atá i gceist chun go seolfadh an soitheach chuig a shaoráid athchúrsála, le haghaidh aon ghníomhaíocht ábhartha de chuid na saoráide athchúrsála i ndáil leis an soitheach nó le haghaidh íocaíochtaí a bhaineann leis an athchúrsáil.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Maidir leis an mBallstát lena mbaineann, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 3a agus 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.';

(25) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'*Airteagal 4xa*

1. Beidh toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, a bhaineann le haon soithí bristeoirí oighir a thagann faoi chód AC ex 890690 nó le haon soitheach tancaeir gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) a thagann faoi chód AC ex 890120, i gcás ina bhfuil an soitheach sin cláraithe faoi bhratach na Rúise, deimhnithe ag Clár Loingseoireachta Muirí na Rúise, faoi úinéireacht nó faoi bhainistiú ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach, ag feidhmiú sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin ón 25 Aibreán 2026 maidir le soithí tancaeir GNL a thagann faoi chód AC ex 890120 atá cláraithe faoi bhratach na Rúise, atá deimhnithe ag Clár Loingseoireachta Muirí na Rúise, nó atá faoi úinéireacht nó faoi bhainistiú ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin ón 1 Eanáir 2027 maidir le soithí tancaeir GNL a thagann faoi chód AC ex 890120 atá ag feidhmiú sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis, seachas na cinn sin atá cláraithe faoi bhratach na Rúise, atá deimhnithe ag Clár Loingseoireachta Muirí na Rúise nó atá faoi úinéireacht nó faoi bhainistiú ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás soitheach a bhfuil cúnamh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, i gcás cuaird éigeandála ar chalafort ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun beatha a shábháil ar muir nó chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.';

(26) leasaítear Airteagal 5d mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Maidir le náisiúnaigh Rúiseacha, ar baill iad de phearsanra taidhleoireachta nó consalachta na Rúise, nó baill den fhoireann riaracháin agus theicniúil nó d'fhoireann seirbhíse mhisin taidhleoireachta nó phoist chonsalacha na Rúise, nó a mbaill teaghlaigh, nó ar sealbhóirí cead cónaithe bailí iad, lena n-áirítear cártaí aitheantais taidhleoireachta, nó víosa bhailí arna heisiúint ag Stát eile, agus a bhfuil sé beartaithe acu taisteal chuig críoch aon Bhallstáit nó idirthuras a dhéanamh tríd, bunaithe ar an gcead cónaithe nó an víosa sin, tabharfaidh siad fógra don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann a dturas tráth nach déanaí ná ar an lá oibre deireanach sa Bhallstát sin nó sna Ballstáit sin, cibé acu is túisce, roimh an dáta a bheartaítear dul isteach ina gcríoch agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig roimh an dáta sin a bheartaítear dul isteach ina gcríoch.';

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Iompróidh náisiúnaigh Rúiseacha atá faoi réir na hoibleagáide i mír 1 cóip den fhógra agus tíolacfaidh siad é, arna iarraidh sin, d'údaráis an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann an taisteal.';

(27) in Airteagal 7(1), cuirtear an pointe seo leis:

'(d) aon duine nádúrtha de thríú tír nach náisiúnach Rúiseach é agus aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe i dtríú tír seachas an Rúis, cé is moite de thíortha comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an gCinneadh seo, a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn earraí, teicneolaíocht agus seirbhísí a bhfuil toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú faoin gCinneadh seo nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) den mhír seo nó lena n-úsáid sa Rúis.';

(28) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8c:

'*Airteagal 8c*

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar bhonn Airteagail 29 agus 30 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VI, VIII, IX, X, XI, XIV, XVI, XVII, XVIII, XIX, XX, XXI, XXII, XXIII, XXIV, XXV, XXVI, XXVII, XXVIII agus XXIX a leasú.';

(29) leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA

IARSCRÍBHINN

(1) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, cuirtear na heintitis seo a leanas léi:

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
‘862.	Epic Shipping & Shipbuilding JSC Ainm áitiúil: EPIC Denizcilik ve Gemi Insaat A.S.	Seoladh: Room 15, Floor 2, Lantana Plaza, Zinnur Str. 3, İçmeler, 34947 Tuzla, Iostanbúl, Poblacht na Tuirce Teileafón: 0216 4461686 Suíomh gréasáin: https://www.epicdeniz.com/; https://epicdeniz.com.tr/ Ríomhphost: info@epicdeniz.com Uimhir Chlárúcháin: 160825-5 (Uimhir Chlárúcháin); 1150676-0 (Uimhir Chlárúcháin)	24.4.2026
863.	CJSC Perspective Technologies Agency Ar a dtugtar freisin: JSC UPT; Aktsionernoe obshchestvo upravlenie perspektivnykh tekhnologii; Management of Prospective Technologies Ainm áitiúil: АО УПТ (АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “УПРАВЛЕНИЕ ПЕРСПЕКТИВНЫХ ТЕХНОЛОГИЙ”)	Seoladh: Building 2, Samokatnaya Street 1, 111033 Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 499 323 3710 Ríomhphost: mail@upt.ru Uimhir Chlárúcháin: 7723022111 (ANI)	24.4.2026
864.	LLC Mossklad Ainm áitiúil: ООО Мосскла́д	Seoladh: Office 3107, Kronstadstky Boulevard 35B, 125499 Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 150-85-87 Suíomh gréasáin: https://mossklad.ru Ríomhphost: info@mossklad.ru Uimhir Chlárúcháin: 7703597369 (ANI)	24.4.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
865.	LLC Stanki Optom Ar a dtugtar freisin: Stanki LLC Ainm áitiúil: ООО Станки Оптом	Seoladh: Kronstadstky Boulevard 35B, 125499 Moscó, Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://stankiopt.ru Ríomhphost: info@stankiopt.ru Uimhir Chlárúcháin: 7743850924 (ANI)	24.4.2026
866.	LLC Promoil Ar a dtugtar freisin: LLC Promol Ainm áitiúil: ООО Промойл	Seoladh (seoltaí): 9 Khokhryakova Street, 614068 Perm, Perm Region, Cónaidhm na Rúise; Room 7, 115B Promyshlennaya Street, Perm, Perm Region, 614065, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 3422 181440 Suíomh gréasáin: https://promoil.com/ Ríomhphost: office@promoil.com Uimhir Chlárúcháin: 5904112229 (ANI)	24.4.2026
867.	LLC TPF Promoil Ar a dtugtar freisin: Torgovo-Proizvodstvennaya Firma Promoil Ainm áitiúil: ООО ТПФ Промойл	Seoladh: Room 8, 115B Promyshlennaya Street, Perm City, Perm Region, 614055, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 342 2181440 Uimhir Chlárúcháin: 5903060560 (ANI)	24.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/508/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
868.	LLC Legion Komplekt Ar a dtugtar freisin: LLC Leko Ainm áitiúil: ООО ЛЕГИОН КОМПЛЕКТ	Seoladh: 17 Vavilova Str., 117312 Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 499 391 22 27 Suíomh gréasáin: https://legion-komplekt.ru/ Ríomhphost: sales@legion-komplekt.ru Uimhir Chlárúcháin: 7743208298 (ANI)	24.4.2026
869.	O G Services FZE LLC Ainm áitiúil: او.جي. سيرفيسيز م.م.ح/ذ.م.م	Seoladh: A-29-01-02-06, Flamingo Villas, Ajman, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Teileafón: +971526810027; +971526810027 Suíomh gréasáin: https://ogservicesfz.com/ Ríomhphost: sunnysolutions2020@gmail.com Uimhir Chlárúcháin: 11641010 (Uimhir Chlárúcháin Cuideachta); 1969 (Uimhir Ghnó)	24.4.2026
870.	Al Baraka Group for Investment and Trading LLC FZ	Seoladh: Business Center 1, M Floor, The Meydan Hotel, Nad Al Sheba, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Teileafón: 971-503-394677 Suíomh gréasáin: https://albaraka-trade.com/ Ríomhphost: contact@albaraka-trade.com	24.4.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
871.	Jiangxi Xintuo Enterprise Ar a dtugtar freisin: Jiangxi Xintuo Industrial Co. Ltd.; T-Motor Ainm áitiúil: 江西新拓实业有限公司	Seoladh: 24th floor, Building B, 3399 Ziyang Avenue, 330096 Nanchang, Jiangxi Province, Daon-Phoblacht na Síne Uimhir Chlárúcháin: 913601063432410 17B (USCC)	24.4.2026
872.	KingMax Hobby Co. Ltd. Ar a dtugtar freisin: KingMax High Performance Servos; Dongguan Binong Technology Co. Ltd.; Dongguan Binong Aviation Paishe Technology Co. Ltd.; Guangdong Beyond Aviation Photography Technology Co. Ltd Ainm áitiúil: 东莞碧浓科技有限公司	Seoladh (seoltaí): Room 703, 10th Building, No. 6 DuiTangHualing 1st Road, Chashan Town, Dongguan City, 523393, Guangdong Province, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86-769-82680289 Suíomh gréasáin: http://www.kingmaxhobby.com/col.jsp?id=120 Ríomhphost: sales@kingmaxhobby.com Uimhir Chlárúcháin: 914419005517077668 (USCC)	24.4.2026
873.	LLC Altrabeta Ainm áitiúil: ООО Альтрабета	Seoladh (seoltaí): Room 3-4, Building A, Block 5, 13 Promyshlennaya Str., 198095 Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise; Per. 1-I Verkhnii d. 6, lit. A, office 211, 194292 Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 9062 615055 Uimhir Chlárúcháin: 7802646313 (ANI)	24.4.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
874.	Woeroon Electronic Sourcing Ltd. Ar a dtugtar freisin: Wo Rong Electornics Co. Ltd.; Woeroon Electronic Resource Ltd. Ainm áitiúil: 沃融電子有限公司	Seoladh (seoltaí): Workshop A27 24/F, Regent's Park Prince Industrial Bldg, No. 706 Prince Edward Rd East Kowloon, Cónaidhm na Rúise; Flat 7A, 3/F, Winsum Industrial Bldg 588-592 Castle Peal Road, Lai Chi Kok, KL, Hong Cong; 605, Building L2, Exhibition Bay South Bank, Zhancheng Community, Fuhai Street, Bao'an, Shenzen, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +852 94968367 Suíomh gréasáin: http://www.woeroon.com.hk/index.php?lang=en Ríomhphost: sales@woeroon.com.hk Uimhir Chlárúcháin: 1891196 (TRN); 61273507 (BRN)	24.4.2026
875.	CoYuan Century Development Co. Ltd. Ar a dtugtar freisin: Hong Kong Keyuan Century Development Co. Ltd. Ainm áitiúil: 香港科源世紀發展有限公司	Seoladh (seoltaí): Room 701, Unit 108, 7/f, Tower b, New Mandarin Plaza, 14 Science Museum Road, Tsim Sha Tsui, Kowloon, Hong Cong; Shop 185 G/F, 11111 Tuen Mun, Hang, Hong Cong Uimhir Chlárúcháin: 3282394 (TRN); 75349736 (BRN)	24.4.2026
876.	Shenzhen Youbang Shida Freight Forwarding Co. Ltd. Ar a dtugtar freisin: Shen Zhen You Bang Shi Da Freight Forwarding Co. Ltd.; Shenzhen Youbang Star Freight Forwarding Co. Ltd.; Amigo Cargo Services Ltd. Ainm áitiúil: 深圳友邦仕达货运代理有限公司	Seoladh: Office 711, Building 4, Tongtai Times Centre, Fuhai Str., 518100 Shenzhen, Guangdong Provice, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: 0755 27205071 Suíomh gréasáin: https://www.amigocargo.biz/ Ríomhphost: info@amigocargo.biz Uimhir Chlárúcháin: 91440300MA5DQL3N4G (USCC)	24.4.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
877.	Beijing Timingtron Corporation Ar a dtugtar freisin: Beijing Tianmei Technology Co. Ltd.; Beijing Tianmei Chuang Technology Co. Ltd. Ainm áitiúil: 北京天美创科技有限公司	Seoladh: Room 211, 2nd Floor, Building 1, Shuangyuan Road 9, 100040 Béising, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86 15910710610 Suíomh gréasáin: www.timingtron.com Ríomhphost: 335807548@qq.com Uimhir Chlárúcháin: 911101075636661567 (USCC)	24.4.2026
878.	Global Link Logistics Ainm áitiúil: 深圳市世联国际货运代理有限公司	Seoladh: Unit 33D, Block B, Honglong Century Plaza, Heping Road, Luohu District, 518021 Shenzhen, Guangdong Province, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86 0755 82147503; 0755-82147490 Suíomh gréasáin: http://www.globallink.cn/ Uimhir Chlárúcháin: 914403007917362245 (USCC)	24.4.2026
879.	LLC Eltech Components Ainm áitiúil: ООО Элтех Компонент	Seoladh: Pl Konstitutsii 3, B-TS Piramida, 196247 Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 812 3279090 Suíomh gréasáin: www.eltech.spb.ru Ríomhphost: info@eltech.spb.ru Uimhir Chlárúcháin: 7810540857 (ANI)	24.4.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
880.	Izhevsk Raviozavod OAO Ar a dtugtar freisin: Izhevsk Radioplant; IRZ OAO Ainm áitiúil: ИЖЕВСКИЙ РАДИОЗАВОД; АО ИРЗ	Seoladh: 19 Bazisnaya St., 426034 Izhevsk, Poblacht na hUdmairt, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 3412 501501; +7 341 2500404 Suíomh gréasáin: https://www.irz.ru Ríomhphost: disp@irz.ru Uimhir Chlárúcháin: 1833013253 (ANI)	24.4.2026
881.	IRZ Tek Ainm áitiúil: ООО Ирз ТЭК	Seoladh: 19 Bazisnaya St., 426034 Izhevsk, Poblacht na hUdmairt, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 3412 501501 Suíomh gréasáin: https://oil.irz.ru/ Ríomhphost: tek@irz.ru Uimhir Chlárúcháin: 1833033690 (ANI)	24.4.2026
882.	Radiozavod Zao Ar a dtugtar freisin: JSC Paket; JSC Package Ainm áitiúil: АО Пакет	Seoladh: 19 Bazisnaya St., 426034 Izhevsk, Poblacht na hUdmairt, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 912 8700638 Suíomh gréasáin: zao-paket.ru Uimhir Chlárúcháin: 1833010911 (ANI)	24.4.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
883.	Izhevskii Radiozavod Ar a dtugtar freisin: Izhevskiy Radiozavod; LLC Izhevsk Radio Plant; Brainse de LLC Izhevsk Radio Plant in Moscow KB Robotics Ainm áitiúil: ООО ИРЗ	Seoladh: 19 Bazisnaya St., 426034 Izhevsk, Poblacht na hUdmairt, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 3412 487824 Suíomh gréasáin: https://www.irz.ru Ríomhphost: disp@irz.ru Uimhir Chlárúcháin: 1833026870 (ANI)	24.4.2026
884.	Finder Technology Ltd. Ainm áitiúil: 超達科技有限公司	Seoladh (seoltaí): Camel Paint Building Block 3, 60 Hoi Yuen Rd, Kwun Tong, Hong Cong; Unit A, 7/F, Yeung Yiu Chung, No. 7 Industrial Building, 2 Fung Yip Street, Chai Wan, Hong Cong Teileafón: (852) 3693-4608 Suíomh gréasáin: https://www.findertechnology.com/ Ríomhphost: purchasing@findertechnology.com Uimhir Chlárúcháin: 0960469 (TRN); 35585540 (BRN)	24.4.2026
885.	Inner Mongolia Asia Europe International Logistics Limited Co. Ainm áitiúil: 内蒙古亚欧国际物流有限责任公司	Seoladh: 9th Floor, Building E, Central Business Plaza, 012000 Ulaanchabu City, Inner Mongolia Autonomous Region, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86 13500641757 Uimhir Chlárúcháin: 150900020252300 (TRN)	24.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/508/oj

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
886.	Shanghai Welltech Electronic Trading Co. Ltd. Ar a dtugtar freisin: Shanghai Weierstai Electronic Trading Co. Ltd.; Shanghai Weiter Stein Electronic Trading Co. Ltd.; Shanghai Weiersite Electronic Trading Co. Ltd.; Shanghai Welltech Industrial Automation Co. Ltd. Ainm áitiúil: 上海威洱斯泰电子贸易有限公司	Seoladh: Room 707, No. 1333 Wenju Road, Pilot Free Trade Zone, Pudong New Area, Shanghai, Daon-Phoblacht na Síne Teileafón: +86 021-52660800 Uimhir Chlárúcháin: 91310115MABYFCP95K (USCC)	24.4.2026
887.	Beliv Ltd. Ainm áitiúil: ООО БЕЛИВ	Seoladh: 1 Derbenevskaya Str., 115114 Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 7416534 Suíomh gréasáin: www.beliv-el.ru Ríomhphost: sales@beliv-el.ru Uimhir Chlárúcháin: 7725505636 (ANI)	24.4.2026
888.	LLC T1 Ainm áitiúil: ООО Т1	Seoladh: Office 198, 7/1 Korovii Val Str., Yakima District, 119049 Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 988 62 19 Suíomh gréasáin: www.oct1.ru Ríomhphost: ktk@oct1.ru Uimhir Chlárúcháin: 9705058824 (ANI)	24.4.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
889.	Abingo Distributor Ltd. Ar a dtugtar freisin: Bingou Technology (Hong Kong) International Trade Co. Ltd.; Abinho Dystrybiutor Limited Ainm áitiúil: 繽購科技香港國際貿易有限公司	Seoladh: Room 803, 8/F Easey Comm Building, 253-261 Hennessy Rd, Wanchai, Hong Cong Uimhir Chlárúcháin: 2568101 (TRN), 68085539 (BRN)	24.4.2026
890.	LLC Chainchip Ar a dtugtar freisin: LLC Cheynchip Ainm áitiúil: ООО Чейнчип; Товариство з обмеженою відповідальністю Чейнчіп	Seoladh: Building 1A, 20 Kulakova Street, Strogino Municipal District, 123592 Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 1034394 Suíomh gréasáin: https://chainchip.ru/ Ríomhphost: sales@chainchip.ru Uimhir Chlárúcháin: 7705406940 (ANI)	24.4.2026
891.	LLC Gaderia Ar a dtugtar freisin: Gamma Ltd. Ainm áitiúil: ООО Гадерия	Seoladh: Nekrasova Str. 19, 188800 Vyborg, Leningrad Oblast, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 813 7831509 Suíomh gréasáin: www.icgamma.ru Ríomhphost: sale@icgamma.ru Uimhir Chlárúcháin: 4704031242 (ANI)	24.4.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
892.	AI Electronic Componets PTE Ltd. Ar a dtugtar freisin: Intelligent Electronic Components Co. Ltd. Ainm áitiúil: 智能電子元件有限公司	Seoladh: Flat E19, 10/F, No 52, Hung To Road, Hong Cong; Room 516 5/F Kam Teem Industria Building 135 Connaught Road, W Sai Wan, Sai Ying Pun, Hong Cong Uimhir Chlárúcháin: 74815130 (BRN); 3229195 (TRN)	24.4.2026
893.	LLC Advanced Planet Ar a dtugtar freisin: Edvansd Planet Ainm áitiúil: ООО Эдвансд Планет	Seoladh: Office 901-2, Section 2, Building 1, Pokhodny Ave. 4, 125373 Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 909 9548118 Uimhir Chlárúcháin: 7716852680 (ANI)	24.4.2026
894.	Bamgroup LLC Ar a dtugtar freisin: Bamgrupp LLC Ainm áitiúil: ООО Бамгрупп	Seoladh: Room 1n/6, Building 1, Ulansky Lane 22, 101000 Moscó, Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 495 2129368 Suíomh gréasáin: www.bamgroup.ru Uimhir Chlárúcháin: 7725318379 (ANI)	24.4.2026
895.	SoVa Distribution Ltd.	Seoladh: Aonad 617, 6/F, 131-132 Connaught Road West, Solo Workshops, Hong Cong; Office 77, 7/F, Woon Lee Commercial Building, 7 Austin Ave., Hong Cong Uimhir Chlárúcháin: 3220535 (TRN), 74727167 (BRN)	24.4.2026

Uimhir	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Dáta an liostaithe
